

Cor Poist ón nGaelAonad bunscoile do Mhí na Nollag 2024

A chomhfhúinteoir, a chara,

Leis an Nollaig linn agus sinn ag druidim le deireadh 2024, ba mhaith le foireann na bunscoile an GhaelAonaid, ár mbuíochas a ghabháil leis na scoileanna, na ceannairí scoile agus múinteoirí ar fad a ghlac páirt in imeachtaí Oide i rith na bliana. Bhaineamar taitneamh agus tairbhe as a bheith ag obair libh agus tá súil againn go mbeidh an deis againn tacú libh arís i 2025. Sula dtéann sibh ar laethanta saoire na Nollag, ba mhaith linn cúpla scéal a roinnt libh.

Tionscadal FCÁT 2024/25

Ba mhaith linn tréaslú le breis is 80 scoil nua a ghlac páirt sa tionscadal FCÁT an téarma seo. Is léir gur bhain na daltaí an-taitneamh agus tairbhe as na ceachtanna a bhí dírithe ar Chorroipeachais a mhúineadh trí Ghaeilge. Rinneadh an-dul chun cinn san fhoghlaim ghairmiúil ar an gcur chuige FCÁT ó sheachtain go seachtain sna cruinnithe tacaíochta le hOide agus ba léir go raibh tionchar aige sin ar na páistí sna ranganna a ghlac páirt sa tionscadal. Táimid ag súil le tús a chur le FCÁT Bliain 2 leis na scoileanna a bhí linn anuraidh, san athbhliain.

Más maith leat tuilleadh léitheoireachta bunaithe ar an taighde is déanaí ón CNCM ar FCÁT/CLIL a dhéanamh, tá cáipéis ábhartha ar fáil [Samplaí d'Fhoghlaim Teanga na bPáistí | Curriculum Online](#) nó féach ar na hacmhainní a bhaineann le FCÁT ar shuíomh Oide www.oide.ie/ga/irish-medium/baile/fcat/fcat-bunscoil/. Ná déanaigí dearmad féachaint ar na hacmhainní atá forbartha ag COGG don chorroipeachas trí Ghaeilge <https://www.cogg.ie/corroipeachas-tri-ghaeilge/>

Nósanna na Nollag

Tá nósanna na Nollag athraithe thar na blianta in Éirinn, ach cuid acu mar an gcéanna. Crann cuilinn a bhíodh sna tithe den chuid ba mhó in Éirinn in áit an chrainn shíorghlais a bhíonn in úsáid againn sa lá atá inniu ann. Ina theannta sin, gé a d'itheadh daoine faoin tuath ach turcaí an fheoil a d'itheadh muintir na mbailte móra agus na gcathracha.

An raibh a fhios agat

San Úcráin, maisítear crann Nollag le maisiúcháin ar leith chun an *Pavuchky* – damhán alla beag – a cheiliúradh. Deirtear go dtiocfaidh damhán alla draíochta ar cuairt chuig teaghlaigh bhochta a bhfuil neadacha damhán alla ina gcrainn Nollag acu agus go ndéanfaidh siad líon órga agus airgead dóibh. Ceaptar gur fhás an nós chun crann Nollag a mhaisiú le tinsil ón traidisiún seo.

Leabhar na Míosa




Cítí sa Gheimhreadh le Valerie Thomas ar fáil ar Soundcloud

https://soundcloud.com/forasnaGaeilge/ci-ti-sa-ghheimhreadh?utm_source=clipboard&utm_medium=text&utm_campaign=social-sharing

nó ar Youtube

https://youtu.be/6adNNCcQ_5k?si=Fzv4aAy8kSt-KQd



Beannachtaí na Nollag!

Nollaig shona duit/daoibh!
Nollaig mhór, mhaith duit/daoibh!
Nollaig faoi shéan agus faoi mhaise/faoi
shonas duit/daoibh!
Beannachtaí na Nollag ort/oraibh!


Beannachtaí na hAthbhliana!

Guím gach rath agus séan ort/oraibh san
athbhliain!
Athbhliain faoi mhaise duit/daoibh!
Bliain mhór mhaith agat/agaibh!
Bliain úr mhaith agat/agaibh!
Go mbeirimid beo ar an am seo arís!

Freagraí:

An bhail chéanna ort/oraibh!
Gurab amhlaidh duit!
Go mba é duit!

***An Dreoilín, Rí na nÉan**
Dreoilín Dreoilín Rí na n-Éan,
Is mór a mhuirín is beag é féin
Lá 'le Stiofán a gabhadh é,
Is tabhair dom pingin a chuirfeas é.*



Acmhainn na míosa: Nuacht Anois

Seo áis nuachta don léitheoir óg. Bíonn ailt nuachta nua ann gach lá. Tá gach focal ceangailte le foclóir chun tacú leis an léitheoir óg agus is féidir radharc diosléicse-chairdiúil den téacs a roghnú freisin <https://www.leighanois.com/nuacht>

Tús maith leath na hoibre i 2025....

Cuir tús spreagúil le 2025 agus cláraigh do chúrsa 'Gaeilge Bheo A' saor in aisce.

Gaeilge Bheo A: An Cur Chuige Cumarsáideach

Ar mhaith leat cur le do thuiscint faoin gcur chuige cumarsáideach?


Ar mhaith leat an Ghaeilge a mhúineadh ar bhealach spráúil?

- Déanfar múnlóireacht ba cheachtanna samplacha
- Roinnfear acmhainní do mhúineadh na Gaeilge
- Beidh deiseanna cainte ag na rannpháirtithe

Beidh **Gaeilge Bheo A: An Cur Chuige Cumarsáideach** ag teacht go hIonad Oideachais gar duit san athbhliain.

Cláraigh ar <https://oide.ie/ga/muinteoiri/>

Tá súil againn go bhfaighe sibh síocháin agus sonas i mion-imeachtaí an tséasúir, ón nGaelAonad, Bunscoile, Oide.

Déan teagmháil linn ar eolas@oide.ie. agus leanaigí sinn ar  [@OidePrimGaeilge](https://twitter.com/OidePrimGaeilge)